**Nuachtlitir na Míosa**

**Mí: Meitheamh 2023**

| Imeachtaí agus dátaí tábhachtacha / *Events and important dates* | **Imeacht** / *Event* | **Dáta** | **Ranganna / Múinteoirí** |
|---|---|---|---|
| | **Leath Lá - Laethanta Saoire an tSamhraidh** / *Half day - Summer Holidays* | 23.06.2023 | **11:50:** Naí Bheaga & Mhóra<br>**12:00:** R1 – R6 |
| | ***Athoscailt na Soile/*** *School reopening* | 30.08.2023 | **8:40 - 9:00** Naí. Mh.- R6<br>**9:00 - 9:30** Naí. Bheaga (Nua) |

**Meabhrúcháin /**

*Reminders*

- **Suíomh na Scoile & litir ón HSE** */ School website & a letter from the HSE*

**Cuirtear gach eolas bainteach leis an scoil ar shuíomh greasáin na scoile an t-am ar fad. Úsáidtear an tab Féilire ag www.gsmnc.ie chun an nuacht is déanaí a roinnt libh maidir le dátaí tabhachtacha le cur i bhur ndialann, leath laethanta & laethanta gan éide scoile srl. Le bhur dtoil féach thíos arr an nasc thíos ar son litir ón Roinn Sláinte maidir le Vapping. https://www.gsmnc.ie/nuachtlitir-845/eolas-n-roinn/**

*All information pertaining to the school is continually being added to the school website. The Féilire / Calendar tab at **www.gsmnc.ie** is used to update you of any important dates for your diaries, half days and non uniform days etc. **Please see the link above for a letter for parents from the HSE in relation to Vaping.***

- **Cuairt scoile - Naíonáin Bheaga MF 2023** */ School Visit - Junior Infants September 2023*

**Tá Céadaoin, an 14ú Meitheamh, beartaithe mar an lá go mbeidh fáilte roimh Naíonáin Bheaga 2023/24 teacht ar cuairt ar feadh uair go leith ó 1:30 - 3:00. Bheimís buíoch dos na tuistí i ranganna Naíonáin Bheaga Cáit, Niamh agus Tara a bpáistí a bhailiú @ 1:00 a chlog ar 14ú Meitheamh chun an deis a thabhairt dúinn an lá seo a eagrú. Buíochas libh.**

*Wednesday, the 14th of June, has been chosen as the day to welcome all junior infant children commencing in the Gaelscoil in September 2023 to visit the school for an hour and a half from 1:30 -3:00. We would kindly ask the parents of the current junior infants in Múinteoir Cáit, Niamh & Tara's classes to collect their children @ 1:00pm on the 14th of June to allow us to facilitate this visit.*

- **Párcáil mórthimpeall na scoile** */ Parking around the school environs.*

***Impímíd oraibh smaoineamh ar ár gcomharsain ar fad mórthimpeall na scoile agus gach iarracht a dhéanamh carrchlós na dtuistí a úsáid i dteannta leis na pointí scaoileadh síos chomh minic is gur féidir. Tá sé ríthábhachtach nach mbeidh aon bhac ar na bealaí éigeandála chuig an láthair nó na eastáit mórthimpeall orainn. Bheimís fíor bhuíoch as bhur gcomhoibriú.***

*We kindly ask you to be mindful of all our neighbours and to use the parents' car park and the drop-off points as much as possible. It is most important that the entrance and exit points to the site and the neighbouring estates remain free at all times to ensure emergency vehicles have access. Your co-operation in this matter is much appreciated.*

- **Cur i gcuimhne ó Allianz** */ A reminder from Allianz*

**Tá Allianz tar éis impí orainn a chur i gcuimhne do thuistí agus pobal na scoile go rialta go gcaithfidh feitheoireacht chuí a bheith déanta ar pháistí fad is atá siad ar láthair na scoile agus imithe ó chúram na múinteoirí.**

| | |
|---|---|
| **Meabhrúcháin /** *Reminders* | *Allianz, our insurers, have advised us to regularly remind parents and the school community that children need to be supervised at all times when on the school grounds and are no longer in the care of the teachers.*<br><br>• **Erasmus Plus**<br><br>**Tá an dara ghrúpa de sheachtar baill foirne ag dul go dtí an Spáinn an tseachtain seo chugainn. Beidh ionadaithe i roinnt des na ranganna. Mar is eol daoibh, bhí an creidiúniú Erasmus Plus bronnta ar Ghaelscoil Mhainistir na Corann anuraidh. Is clár Aontas Eorpach é seo ag díriú isteach ar oideachas, traenáil, óige agus spórt ag feidhmiú ó 2021 - 2027. Níos mó eolais ar fáil anseo.**<br><br>*The second group of seven school personnel are going to Spain next week. Substitute teachers will be in a number of the classes to facilitate this trip. As you are aware Gaelscoil Mhainistir na Corann received Erasus plus accreditation last year. Erasmus+ is the European Union programme for education, training, youth and sport, running from 2021 to 2027. Click the following link for more information on Erasmus Plus.*<br><br>• **Nóta ó Priscilla McCann Club cúram leanaí Roimh agus Iar scoile** / *A note from Priscilla McCann Before and After school care provider*<br><br>**Féach thíos ar son nóta ó Priscilla McCann, bunaitheoir agus stiúrthóir Club Spraoi. Tá sí tar éis insint dúinn go bhfuilid ag glacadh le ainmneacha do mhí Mheán Fómhair. Ar son tuilleadh eolais, féach ar an nasc ar shuíomh ghreásáin na scoile nó seol ríomhphost chuig Rachele at gsmnc@clubspraoi.ie**<br><br>*Dear Parents,*<br><br>*We are delighted to let you know that our bookings are open for the new school year in September. We already have many families using the services since we opened in February and we are looking forward to seeing the numbers grow further in September. We have lots of wonderful plans for the upcoming school year and will be there for the full year, providing a flexible and high quality service to families. There is no commitment required as we offer casual bookings and a flexible cancellation policy. You are very welcome to book a day or two before the end of this term to get a feel for the services we provide, if you so wish!*<br><br>*To register and book, please go to www.clubspraoi.ie and for information please don't hesitate to contact our Coordinator Rachele at gsmnc@clubspraoi.ie*<br><br>*Also, for any of you that may be interested in availing of our Holiday Care services, we are running a Holiday Care and Camp Programme at our location at Brooklodge NS, Glanmire that is open to the families of Gaelscoil Mhainistir Na Corann. We are open from 7:30 to 6:30 daily, with our camp running from 10am to 3pm. This can be booked on a casual basis, so if you even feel like a one-off day to yourself over the summer holidays, and to know that the kids are happy and entertained, we are there to accommodate this!*<br>*Please see the school website for information and if you have any questions, please email Rachele at gsmnc@clubspraoi.ie and she will be happy to help.* |
| | • **Craobh Sciath na Scol** / *Sciath na Scol Final*<br><br>**Comhghairdeas ó chroí leis na buachaillí i R5 & R6 agus le múinteoir Criostóir a shroich Craobh Sciath na Scol arís i mbliana in aghaidh Gaelscoil Uí Riordáin, Baile an Chollaigh. Ar Mháirt an 23ú Bealtaine d'imir siad i bPáirc Uí Chaoimh agus bhí sár chluiche iománaíochta imeartha le hard chaighdeán scil, luas agus fonn imeartha. Bhíomar thar a bheith bródúil astu agus as an tacaíocht dochreidte a thug an lucht féachana dóibh ós na hardáin.**<br><br>*Congratulations to the boys in 5th and 6th class and múinteoir Criostóir who once again reached the Sciath na Scol final against Gaelscoil Uí Riordán, Ballincollig. Despite the loss in Páirc Uí Chaoimh on the 23rd of May it was an excellent display of hurling with a great degree of skill, speed and heart. We were extremely proud of the boys and their sportsmenship and the fantastic encouragement that they received from the supporters in the stands.* |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | • **Spórt na Cathrach** / *Cork City Sports*<br><br>**Comhghairdeas leis na cailiní agus na buachaillí ó R1- R6 a ghlac páirt i gcomórtas Lúthchleasaí Bhunscoile Spórt na Cathrach ar Déardaoin an 1ú lá i MTU. D'éirigh go hiontach le foireann luathcleasaíochta na scoile a bhuaigh 5 bhonn óir, 3 bhonn airgid agus bonn amháin cré-umha ar an lá. Míle buíochas le múinteoir Caoimhe a bhí i mbun traenála agus éinne eile a chabhraigh léi ar an mbóthar nó ar an lá.**<br><br>*Congratulations to the girls and boys from 1st - 6th class who participated in Cork City Sports on Thursday 1st in MTU. The school athletics team were very successful on the day winning 5 gold medals, 3 silver medals and one bronze medal. Many thanks to Caoimhe who trained them and to whomever else helped her along the way or on the day.*<br><br>• **Seachtain Spóirt is Spraoi** / *Fun Sports Week*<br><br>**Tá Seachtain Spóirt is Spraoi na scoile á eagrú ag múinteoir Criostóir agus an coiste gníomhach. Geobhaidh na páistí blas de shaghasanna spóirt éagsúla le traenálaithe agus aíonna éagsúla. Tosnófar le Siúlóid Mhór Scoile ar Luan an 12ú agus seo a leanas roinnt des na himeachtaí eile a bheidh ar siúl i ndiaidh na siúlóide: Rás na gconstaicí, cispheil, gleacaíocht, peil ghaelach, iománaíocht, agus réimse leathan gníomhaíochtaí eile. Beidh an cluiche "cairdiúil" sacair idir ranganna 6 agus an fhoireann scoile ar an Déardaoin. Míle buíochas le gach éinne atá go dian i mbun oibre ag ullmhú don tseachtain.**<br><br>*Criostóir and the Active Schools committee are busy preparing for the School's Fun Sports Week. Children will have the opportunity to sample different types of sports and activities with external coaches and special guests. The week will commence with a school walk on Monday the 12th and will be followed by other activities including are an obstacle course, basketball, gymnastics, Gaelic football and hurling, and a lot more. We will also have the annual "friendly" soccer game - teachers versus 6th on Thursday. A big thank you to all that are busy preparing for the week.*<br><br>• **Coiste Folláine** / *Healthy Schools Committee*<br><br>**Tá Coiste Folláine na scoile tar éis a bheith gnóthach le tamall anuas ag eagrú ócáidí folláine éagsúla. Chuir siad taipeántais Pirimid Bhia ar fáil do R1-R2. D'eagraigh siad an aoi-chainteoir, Fíona Ní Dhrisceoil chun labahirt le R4- R6 faoi slí beatha sláintiúil, bia agus cleachtadh coirp. Ar deireadh, rith siad comórtas tríd an scoil chun aird ar aire gréine a ardú. Buíochas leis an gcoiste ar fad agus le múinteoir Nicole a bhí i bhfeighil ar chúrsaí.**<br><br>*The Healthy School's Committe have been very busy over the past number of months organising various healthy initiatives throughout the schools. They created a Food Pyramid display for 1st - 3rd class. They organised for special guest Fiona O'Driscoll to speak to 4th-6th class in relation to healthy lifestyle, food and exercise. Finally, they ran an art competition throughout the school to raise awareness around the importance of sun protection. A big thank you to all the committee and especially to múnteoir Nicole who was in charge of many of the vents.*<br><br>• ***Mí gan Obair Bhaile*** / No Homework<br><br>***Tá sé mar pholasaí scoile nach mbíonn aon obair bhaile foirmeálta tar éis an lá saoire bainc i mí an Mheithimh. Tugann sé seo an deis do chlainne taitneamh a bhaint as a bheith amuigh le chéile le linn an dea-aimsir seachas a bheith i mbun obair foirmeálta.***<br><br>*It is school poilcy that formal homework ceases after the June bank holiday. This allows families to enjoy the outdoors and the glorious weather besides tending to formal homework.*<br><br>• **Walk 'n' Roll 2023**<br><br>**Ghlac na páistí ó R1 - R3 páirt i siúlóide 5km Walk 'n' Roll inniu ar Aoine an 2ú lá chun airgead a bailiú ar son Crann le linn mí an Mheithimh. Bíonn Ionad Crann ag** |
| **Nótaí eile** / Other notes | |

| | |
|---|---|
| | **tacú le clainne le míchumais fisiciúil intinne. Féach ar an nasc thíos le tuilleadh eolais a fháil.**<br><br>*Children, teachers and parents from 1st - 3rd classes participated in Walk 'n' Roll 2023 today Friday the 2nd of June. This was a sponsored 5km walk on behalf of Crann centre who provide solutions for families with neuro-physical disabilities . Please see the link attached for further information. https://cranncentre.ie/walknroll/*<br><br>• **Comórtas Óráide R6** / *6th Class Oration Competition*<br><br>**Bhí Comórtas Óráide R6 ar siúl ar Déardaoin, an 11ú Bealtaine. Bhíodar thar barr agus obair dochreidte curtha isteach ag na páistí. Ár mbuíochas leis na moltóirí Fíona McCormack and Katie McCarthy. Comhghairdeachas le Evie Ní Chuilleaneáin ó rang Katie agus Tiernán Ó Gealbháin ó rang Antoinette a bhain amach an chéad duais.**<br><br>*The 6th class public speaking competition took place on Thursday the 11th. The children were excellent and it was evident that they had worked extremely hard since the start of the year. Many thanks to the judges Fíona McCormack and Katie McCarthy. Congratulations to Evie Ní Chuilleanáin in rang Katie & Tiernán Ó Gealbháin in rang Antoinette who won the overall prizes.*<br><br>• **Seachtain Náisiúnta na Rothar/** *National Bike Week*<br><br>**Bhí an mhaidin againn ar Chéadaoin an 17ú, nuair a bhí páistí ó NB - R6, tuistí & múinteoirí ag rothaíocht ar scoil ó 8:10 - 9:00 ar son Seachtain Náisiúnta na Rothar. Bhí suas le 100 rothar ar scoil an mhaidin sin. Buíochas le gach éinne a chabhraigh ar an lá agus le múinteoir Bríd a d'eagraigh an ócáid.**<br><br>*We had a great morning on Wednesday the 17t,h when children, parents and teachers cycled to school from 8:10 – 9:00 for National Bike Week. There were over 100 bikes in the school bike rack area on the morning. Many thanks to all those that helped on the day and to múinteoir Bríd for organising the event.*<br><br>• **Céad Chomaoineach** / *First Holy Communion*<br><br>**Comhghairdeas leis an ochtó páiste i Rang a Dó a bhfuair a gCéad Chomaoineach ar Satharn an 20ú Bealtaine. B'é seo an chéad uair riamh go raibh an méid sin páistí ag fáil an Chéad Chomaoineach le chéile. Bhíodar ar fad tharr barr ar an lá. Buíochas mór leis na múinteoirí agus na páistí ón gcór a bhí i láthair ar an lá.**<br><br>*Congratulations to the 80 children in 2nd class who received their First Holy Communion on Saturday the 20th. This was the first time that such a large class received their First Holy Communion together. They were excellent on the day and a credit to the school and their families. Many thanks to the teachers and the children in the choir that were also present on the day.*<br><br>• **Turasanna Scoile NB - R2 & R6** */JI - 2nd & 6th class School Tours*<br><br>**Tá turasanna scoile NB - R2 & R6 ag tarlú i mí an Mheithimh. Beidh cabhair tuistí á lorg ar son feitheoireachta le linn na dturas seo seachas ceann thar oíche R6. Beidh na múinteoirí i dteagmháil libh faoi seo níos giorra dos na turais. Tá córas íocaíochta na dturas ar fáil ar Aladdin trí E payments. Seolfaidh na múinteoirí ranga nóta níos cuimsithí amach faoi amanta fágála agus teacht abhaile níos giorra don am.**<br><br>*Junior Infants to 2nd and the 6th class School Tours are occuring in June. Parental assistance will be required for supervision purposes during these tours except for the overnight 6th class tour. The class teachers will be in touch closer to the school tour dates. The payment system for the tours is available through Aladdin E payments. Class teachers will send out a more detailed note on departure & return times closer to the time.* |
| **Nótaí eile** / Other notes | |

| Nótaí eile / Other notes | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | • **Céimniú agus Fágáil Slán le Ranganna 6** / *6th Class Graduation and goodbye for now*<br><br>**Beidh Céimniú Ranganna 6 an Luan an 12ú Meitheamh @5:00 agus ba mhaith linn an deis seo a úsáid chun gach rath a ghuí orthu. Táim féin agus Róisín ag súil go mór le agallaimh an Fáinne Airgid a dhéanamh leo ar Déardaoin an 8ú chun a mblas agus cumas Gaoluinne labhartha a chloisint. Braitheann an pobal scoile an bhródúil as an ngrúpa seo atá tar éis a bheith mar chroí lár na scoile le ocht mbliana anuas agus a thug faoi gach dúshláin le dearcadh dearfach. Beidh taa & caife curtha ar fáil ag Cairde agus ceapairí, ispíní, sicín srl curtha ar fáil ag an mBord Bainistíochta i dteannta le píotsa dos na páistí i Rang a Sé. Bheimís buíoch do thuistí R6 císti a thabhairt isteach.**<br><br>*We will have our 6th Class Graduation on Monday the 12th @5:00 and we would like to use this opportunity to wish them all the best going forward. Róisín and I are very much looking forard to conducting the Fáinne Airgid interviews on Thursday the 8th to hear their beautiful blas and spoken Irish. The whole school community is extremely proud of this group as they have been central in all school activities over the past eight years and have approached all challenges with a positive attitude. Cairde will provide teas & coffee, and and the Bord of Management will provide sandwiches, sausages and goujons for the adults and Pizza for the 6th class children. We would appreciate it if 6th class parents would bring along some cakes and sweet treats.*<br><br>• **Athmheascadh Ranganna** / *Class Reconfiguartion*<br><br>**Cuirfear na liostaí dos na ranganna nua ar fáil ar Luan an 19ú Meitheamh. Tá sé beartaithe go gcaithfidh na páistí maidin Dé Máirt & Dé Céadaoin lena rang nua ó 9:00 - 12:00 i dteannta ceann des na múinteoirí ranga. Beidh siad lena rang agus múinteoirí féin faoi láthair gach trathnóna, ar an Déardaoin agus an Aoine.**<br><br>*New class lists will be provided on Monday the 19th of June. It is intended that children will spend Tuesday and Wednesday morning with their new classmates from 9:00 - 12:00. with one of the current classroom teachers. They will spend each evening, all of Thursday and Friday with their current class and teacher.*<br><br>• **Tionól Deireadh na Bliana** /*End of year Assembly*<br><br>**Beidh tionól deireadh na bliana ar siúl ar Déardaoin an 22ú Meitheamh. Bronnfar trófaí cainteoir na bliana agus dalta na bliana ar pháistí i ngach rang. Bronnfar cainteoir na bliana ar an bpáiste a rinne an iarracht agus feabhas is mó ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Bronnfar dalta na bliana ar na páistí ar thaispeán luachanna na scoile do chairdeas, cineáltas, macántacht, díograis, comhoibriú, cothromaíocht, muinín agus meas i rith na bliana.**<br><br>*The final year assembly will be held on Thursday the 22nd. The speaker of the year and student of the year in each class will be awarded a trophy. The speaker of the year will be awarded to students in each class that made a significant effort and improvement in the speaking of irish throughout the year. The student of the year will be awarded to the students that have displayed the eight school values of friendship, kindness, honesty, diligence/ cooperation, equality, confidence and respect throughout the year.*<br><br>• **Éide Scoile** / *School Uniform*<br><br>**Beidh culaith reatha agus bríste gairid nua na scoile ar fáil le hórdú i Siopa Éadaigh Hydes ón 23ú Meitheamh ar aghaidh. Táimid ana bhuíoch do Thérese as ucht an cabhair go léir tríd an bpróiséis seo. Féach ar an nasc thíos i rannóg na dtuismitheoirí ar son tuilleadh eolais faoi phraghasanna srl. Beidh cead an seana culaith reatha a chaitheamh agus a cheannach ar lascaine don scoilbhliain 2023/24 amháin.**<br><br>*The new school tracksuit and shorts will be available to order from Hydes Clothing from the 23rd of June. A big thank you to Thérese who was most helpful during the whole process. Please see the link below to the parents section on the school website to locate all information pertaining to costs etc. https://www.gsmnc.ie/tuismitheoir/ide-scoile/. It will be permissible to wear and buy the old style school tracksuit at a discounted rate for the 2023/24 year only.* |

| | |
|---|---|
| | <ul><li>***Ranganna 2022/23** / Class Allocations for 2022/23*<br><br>***I mbliana ní chuirfear na múinteoirí ranga in iúl d'aon rang arís go dtí deireadh mí Lúnasa mar caithfear agallaimh a reachtáil i rith an tsamhraidh chun postanna a líonadh.***<br><br>*Class allocation will not be revealed again until late August as interviews must take place over the summer months to fill a number of posts.*</li><li>**Deacracht le híocaíochtaí** */ Financial difficulties*<br><br>**Le bhur dtoil, má tá deacrachtaí agaibh ó thaobh billí scoile srl a íoc, tagaigí i dteangmháil le hÁine nó Róisin. Pléifear le gach cás go discréideach agus faoi rún.**<br><br>*Please make contact with Áine or Róisín if you are experiencing difficulties in paying school related bills. Please know that all matters will be dealt with discreetly and confidentially.*</li><li>**Ár mBuíochas** */ Our appreciation*<br><br>**Mar fhoireann scoile guímid gach rath oraibh don Samhradh agus ba linn ár mbuíochas a ghábhail libh as ucht bhur gcabhair agus bhur gcomhoibriú ó thús na bliana. Leis an sár-iarracht atá feicthe againn ón bpobal scoile iontach láidir i nGaelscoil Mhainistir na Corann, tá misneach ionainn go mbeimid in ann tabhairt faoi aon dúshlán a thagann inár dtreo le chéile. Le bhur dtoil ná bíodh éinne faoi bhrú bronntanais a thabhairt don fhoireann scoile. Beimid sásta le focail buíochais.**<br><br>*We would like to wish you and your families all the best for the summer. We would also like to thank you for your help and cooperation thus far this year. Having seen the extraordinary effort from this amazing and strong school community in Gaelscoil Mhainistir na Corann, we are confident, that together, we can take on any challenge that comes our way. Please do not feel under any pressure to give the school staff gifts. A word of thanks is sufficient and always appreciated.*</li></ul>***An mhí seo táimid ag díriú isteach ar an luach de MHACÁNTACHT***<br><br>*- This month we are focusing on the value of **HONESTY***<br><br>***Cairde le Chéile ag Foghlaim!***<br><br>*Áine agus foireann na scoile* |
| **Nuacht Cairde** / *News from Cairde* | <ul><li>**Cruinniú Cairde sa halla ar an 12.06.2023 @ 7:30 /**<br>*Cairde meeting held in the halla on the* 12.06.2023 @ 7:30</li><li>**Bailiúchin Éadaí ar Déardaoin an 8ú Meitheamh - Carrchlós na dtuismitheoirí 8:30 -10:00** */ Clothes Collection on Thursday the 8th of June - Parents car park 8:30 -10:00*</li><li>**Díolacháin dara láimhe éide scoile Cairde. Éadaí á bhfágaint i halla na scoile ar Luan an 19ú ó 1:30-3:00 agus 7:00-8:00. Na héadaí á dhíol ansin sa halla ar Mháirt an 20ú Meitheamh ó 1:30-3:00 agus 7:00-8:00.**<br>*The Cairde preloved school uniform sale will take place in the halla on Tuesday the 20th June from 1:30-3:00 and 7:00-8:00. Cairde are kindly asking parents to drop off clothes for the sale the day before on Monday the 19th from 1:30-3:00 and 7:00-8:00.*</li></ul>**Míle buíochas le Cairde as ucht** / *Thank you to Cairde for the following:*<ul><li>**Léamh tríd dréacht an polasaí nua Frith Bhulaíochta sara raibh sé daingithe ag an mBord.** / *For reading through a draft of the Anti- Bullying policy before it was ratified by the Board*</li></ul> |

| | |
|---|---|
| | • **Airgead a bhailiú ar son na scoile i mbliana agus an tacaíocht a chuireann siad ar fáil dúinn./** *Fundraising on behalf of the school and supporting us.*<br>• **Íoc as dhá sheisiúin ceoil le John Spillane le linn coicís na Gaeilge** / *Paying for two performances by John Spillane during coicís na Gaeilge*<br>• **Cóisir & ceoil o DJ Bertie a chur ar fáil do pháistí an Chéad Chomaoineach ar Luan an 22ú** / *Providing a party and DJ Bertie for the 2nd class children to celebrate their First Holy Communion*<br>• **Déarbhán a chur ar fáil ar son Comórtas Sabháilteacht Gréine** / *Providing vouchers for each class group for the Sunsafe campaign and competition*<br>• **As ucht roinnt íocaíocht ar son busanna d'ócáidí éagsúla /** *Providing part payment for various buses*<br>• **Ta, caife & ceapairí a chur ar fáil do Chéimniú R6** *Providing teas, coffee and sandwhiches for the 6th class graduation*<br>• **Torthaí álainn éagsúla a chur ar fáil le linn an tseachtain spórt** / *Providing a wonderful and varied platter of fresh fruit during sports week* |
| **Bord Bainistíochta /** Board of Management | • **Tá Miontuairiscí Aontaithe ó chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar fáil ar shuíomh ghreásáin na scoile anois ag tosnú leis an scoilbhliain 2022/23 insan rannóg darbh ainm Ár Scoil**<br><br>*Agreed minutes from the Board of Management meetings are now available on the school website, in the Our School section, commencing with the school year 2022/23.*<br>• **Ba mhaith leis an mBord Comhghairdeas a ghábhail le Kelly Ní Mhuimhneacháin & Nicole Ní Chonchúir tar éis dóibh poist buana múinteoireachta a bhaint amach sa scoil le déanaí agus le Jonna Uí Chógáin a bhain amach post buan sa scoil mar chúntór ranga (CR). Guímid gach rath ar an triúr acu ina róil nua.**<br><br>*The Board of Management wishes to congratulate Kelly Ní Mhhuimhneacháin ags Nicole Ní Choncúir in their recent permanent appointments as teachers in the school and Jonna Cogan in her recent appointment as a permanent Additional Needs Assistant. (ANA) We wish them all the very best in their new roles.*<br>• **Ba mhaith leis an mBord a chur in iúl do phobal na scoile gur tugadh an cead dúinn i ndeireadh rang uathachais a oscailt sa scoil i mí Mheán Fómhair. Is deis iontach é seo scoil níos ionchuimsitheach a chruthú a chuireann fáilte roimh gach dalta.**<br><br>*The Board of Management are delighted to announce that we have finally been given the go ahead to open an autism class in the school in September. It is a great opportunity to create a more inclusive school welcoming of all students.*<br>• **Ba mhaith leis an mBord míle buíochas a ghábhail le Muintir Chearúil Mannín as ucht críocha iontach a chur le lochán bithéagsúlachta na scoile. Cuireadh an t-airgead ó Sábháil na Beaca i dtreo an lochán agus chríochnaigh muintir Cearúil Mannín an cuid eile go deonach. Tá sé tar éis cur go mór le aitmaisféar an seomra seachtrach.**<br><br>*The Board of Management wishes to thank the Carrol Manning family for donating their time and resources in order to professionally finish our wonderful biodiversity pond. The money from the Save the Bees campaign and the voluntary efforts of the Carrol Mannigs have truely added to the atmosphere of the outdoor classroom.* |

| | |
|---|---|
| | • ***Tá na Polasaithe seo a leanas daignithe ag an mBord Bainistíochta le déanaí. Polasaithe Frith-Bhulaíochta, Teagmhas Criticiúil, Úsáid Inghlactha, Guthán Póca & Gléasanna Cliste. Roinnfear iad le pobal na scoile trí shuíomh ghreásáin na scoile roimh deireadh mí an Mheithimh***<br><br>*The Board of Management ratified the following policies recently. The Anti- Bullying, Critical Incident, Acceptable Use, Mobile Phone and Smart Devices policies. They will be shared with the school community via the school website by the end of June.* |
| **Fáilte Isteach Adult English Conversation Classes** | • **Nóta ó Chomhordaitheoirí Fáilte Isteach - Gráinne Uí Chéiting & Lucia Cooley** / *A note from Fáilte Isteach Co-ordinators Gráinee Keating & Lucia Cooley*<br><br>**Ar son na hoibritheoirí deonacha agus na foghlaimeoirí ba mhaith linn ár mbuíochas a ghábháil leis an mBord Bainistíochta agus príomhoide Áine ar son fáilte a chur romhainnn agus an Halla agus an áit fhreastail a chur ar fáil dúinn. Buíochas ar leith go Alan Lane a chur uisce beirithe ar fáil agus a d'ullmhaigh an halla gach seachtain. Is deis iontach é seo dúinn nascanna agus cairdeas a chruthú agus tá an comhphobal ón Úcráin thar a bheith buíoch as ucht an spás álainn foghlama atá curtha ar fáil dóibh.**<br><br>*On behalf of the volunteers and the learners we would like to thank the B.O.M. & Principal Áine for welcoming us and providing the use of the Halla and the servery. A special thanks to Alan Lane who has the halla ready and water boiling for us each Friday. The mornings are a wonderful opportunity to foster connections and create friendships and the Ukranian community are incredibly grateful to learn in a lovely, bright airy space and to also enjoy a cuppa.* |